**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**



**hEo- cairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach @ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***



**Oilithreacht na Deoise go Lourdes 29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours,
Fón:01-2410800

**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**



***Féile Corp & Fuil Rónaofa Chríost***
**7/06/2026**

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

***i gCill Éinde***

***12.00 meán lae-6.00 i.n.***
**Páidirín ag 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

*(Liosta ag doras)*

## Biseach 2026

Beidh Biseach, irisleabhar Chumann Forbartha Chois Fharraige, á fhoilsiú arís i mbliana.

Má tá suim agatsa píosa a scríobh do Bhiseach na bliana seo, ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má phós tú i 2025 nó má tá sé de rún agat pósadh i mbliana agus gur mhaith leat go mbeadh do phictiúr bainise san iris, seol
chugainn iad!

Beidh fáilte mhór freisin roimh sheanphictiúirí.

Ba mhaith linn cloisteáil freisin ó dhaoine a raibh páistí acu i mbliana nó anuraidh le freagra na ceiste seo:
Cén cineál Cois Fharraige ar mhaith leat a fheiceáil do do pháiste?
Féadfaidh do fhreagra a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is maith leat agus ba bhreá linn pictiúr de do pháistín freisin!
Bí i dteagmháil linn ag:
**biseach2026@gmail.com**



# Paróiste An Spidéil
## Sollúntas Chorp Chríost
### 6ú/7ú Meitheamh 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745
***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | |
|---|---|---|---|
| ✠ | | | ***Cill Éinde, An Spidéal*** |
| Dé Domhnaigh | 7ú | 11.00r.n. | Michael Thornton **Céad Cuimhneacháin,** a mhac Michael, iníon Áine agus muintir ar fad. *Baile Éamonn*<br>Charlie Lennon **2ú Cuimhneacháin** *Cnocán Glas*<br>Maime Bn. Uí Fhlátharta (**Cuimhneacháin a 100 breithlae**) *Seanaghurráin/Boston*<br>Dónal & Maura O'Flynn *Corcaigh*<br>Pádraic Ó Coistealbha *Baile an Domhnallán* |
| Dé Céadaoin | 10ú | 10.00r.n. | |
| Déardaoin | 11ú | 10.00r.n. | |
| Dé hAoine | 12ú | 10.00r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 14ú | 11:00r.n. | Mary Feeney **Céad Cuimhneacháin** & fear céile John Enda *Spidéal*<br>Eimear Clancy *Sidheán/Maynolty*<br>Willie Ó Cualáin , a bhean Mary & bean a mhic Noirín *Bóthar na hAbhainn*<br>Martin Patten **6ú Cuimhneachán** *Bothúna*<br>Coilín Ó Fátharta **5ú Cuimhneachán** *Doire Lochán Thiar*<br>Micheál O'Connell *Bothúna* |
| ✠ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** |
| Dé Sathairn | 6ú | 6.30i.n.. | Paddy Joe O'Halloran **Céad Cuimhneacháin** *InisBoffin/Clochán*<br>Kay Mc Keown **2ú Cuimhneacháin**, fear céile Peter & mac Brendan *Ros a'Mhíl*<br>Séamus Ó Fiannachta , a mhuintir Máirtín & Méim & a dheirfúir Máirín *Gleann Treasna*<br>Nan an Bhreathnaigh, a fear Cóil (*Baile Láir)* & a gcliamhain Micil Flaherty<br>Briocán Ó Mainín, Beartla & Pat an Bhreathnaigh. *Baile Láir* |
| Dé Sathairn | 13ú | 6:30i.n. | |
| ✠ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** |
| Dé Domhnaigh | 7ú | 9:30am | Colm Ó Donnchadha *Cnoc Carrach, Minna* |
| Dé Domhnaigh | 14ú | 9:30am | Pádraig Ó Tuathail **Cinn Míosa** *Béal an Átha* |

**Loinneog don Iontróid—**Sm 80:17

Bheathaigh an Tiarna a phobal le togha na cruithneachta, agus shásaigh iad le mil ón gcarraig.

***An Ghlóir***

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**

A Thiarna Íosa Críost, d'fhág tú an Eocairist againn mar chuimhniú ar do pháis agus ar do bhás. Go dtugaimid an t-ómós is dual do shacraimint do Choirp agus do chuid Fola ionas go dtuigfimid an slánú a bhuaigh tú dúinn, agus an t-aoibhneas atá i ndán dúinn sna flaithis, mar a maireann agus a rialaíonn tú trí shaol na saol. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as leabhar Deotranaimí – 8:2-3, 14-16*

Dúirt Maois leis an bpobal: 'Cuimhnigh ar an gcaoi a threoraigh an Tiarna do Dhia thú le daichead bliain san fhásach, d'fhonn thú a umhlú, thú a phromhadh, agus eolas a chur ar rún do chroí – féachaint an gcoimeádfá a aitheanta nó nach ndéanfá. D'umhlaigh sé thú agus d'fhág ocrach thú agus chothaigh thú le manna nárbh eol duit féin ná do d'aithreacha, d'fhonn é a chur in iúl duit nach ar arán amháin a mhaireann an duine ach ar gach ní a thagann ó bhéal Dé.

'Ná déan dearmad ansin ar an Tiarna do Dhia a thug amach thú as tír na hÉigipte, as teach na daoirse; a threoraigh thú tríd an bhfásach mór uafásach seo, dúiche nathracha tintí agus scairpeanna, agus tarta; a thug uisce duit as an gcarraig chrua san áit róthirim seo; a chothaigh san fhásach thú le manna nárbh eol do d'aithreacha.'

*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 147

*Fr: Mol an Tiarna, a Iarúsailéim.*

1. Mol an Tiarna, a Iarúsailéim,
mol do Dhia, a Sión;
toisc gur dhaingnigh sé boltaí do dhoirse,
is gur bheannaigh sé do chlann istigh ionat. *(Fr)*

2. Dhaingnigh sé síocháin i do chríocha,
bheir sé do sháith duit de smior na cruithneachta.
Cuireann sé a ordú uaidh chun na talún,
ritheann a bhriathar go mear. *(Fr)*

3. Foilsíonn sé a bhriathar do Iácób,
a chánacha is a phroiceapta d'Isráél.
Ní dhearna sé amhlaidh do náisiúin eile;
níor nocht sé dóibh a phroiceapta.
Alleluia! *(Fr)*

**An Dara Léacht**

*Sliocht as céadlitir N.Pól chuig na Coirintigh 10:16-17*

A bhráithre, 'cupa an altaithe' a bheannaímid, nach páirtíocht i bhfuil Chríost é? Agus an t-arán a bhrisimid, nach páirtíocht i gcorp Chríost é? Ós aon bhuilín amháin é, níl ionainne, dá líonmhaire sinn, ach aon chorp amháin toisc go gcaithimid go léir an t-arán céanna. *Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**

Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh,
a deir an Tiarna.
Má itheann duine an t-arán seo mairfidh sé go deo.
**Alleluia!**

**Soiscéal**

*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin – 6:51-58*

Dúirt Íosa leis na sluaite:
'Is mise an t-arán beo a tháinig anuas
ó neamh.
Má itheann duine an t-arán seo
mairfidh sé go deo,
agus an t-arán a bhéarfaidh mé uaim
is é m'fheoil é a bhéarfar ar son bheatha an domhain.'

Bhí na Giúdaigh ansin ag aighneas le chéile á rá: 'Conas is féidir don duine seo a chuid feola a thabhairt dúinn le hithe?' Dúirt Íosa leo:
'Amen, Amen, a deirim libh,
mura n-ithe sibh feoil Mhac an Duine,
agus a chuid fola a ól,
ní bheidh beatha agaibh ionaibh.
An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil,
tá an bheatha shíoraí aige,
agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.
Is bia go fíor mo chuid feola
agus is deoch go fíor mo chuid fola.
An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil,
cónaíonn sé ionamsa agus cónaímse ann.
Amhail mar a chuir an tAthair beo mise uaidh,
agus mar is beo mise tríd an Athair,
mar an gcéanna, an té a itheann mise,
is beo é tríom.
Is é seo an t-arán a tháinig anuas ó neamh.
Ní hionann is an manna ar ith bhur
n-aithreacha é agus go bhfuil siad marbh;
an té a itheann an t-arán seo,
mairfidh sé go deo.'

*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Cré***

***Creidim in aon Dia amháin,***
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach,** ***aspalda.***
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**

A Thiarna, an t-arán agus an fíon a ofrálaimid go ngnóthaí siad do d'Eaglais an t-aontas agus an tsíocháin a chiallaítear leo. Trí Chríost …... **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh :* **Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

**An Comaoineach**

**Iarchomaoineach**

A Thiarna Íosa Críost, tugann tú do chorp agus d'fhuil dúinn san Eocairist mar chomhartha go bhfuil páirt againn i do bheatha cheana féin. Go bhfaighimid greim go hiomlán ar an mbeatha chéanna sna flaithis mar a maireann agus a rialaíonn tú trí shaol na saol. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***

Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**
Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**



**Mí Meitheamh, Chroí Rónaofa Íosa**

D'iarr Íosa deabhóid dá chroí orainn trí Naomh Mairéad Máire. Thaispeáin sé íomhá a chroí di: lasrachaí grá ag teacht óna chroí; comhartha na páise air. Bhíodh an pictiúr sin i chuile teach agus lampa dearg ar lasadh os a chomhair, an teach 's a mhuintir coisrichte do Chroí Íosa. An teach agus an teaghlach faoina chúram agus
faoina chosaint - sin an gealltanas ó Íosa do gach teach a raibh íomha a Chroí ar teaspáint ann.